# CÓD CLEACHTAIS

## IDIR

## AN tÚDARÁS UM BÓITHRE NÁISIÚNTA


## AGUS

## AN tAIRE EALAÍON, OIDHREACHTA, GAELTACHTA AGUS OILEÁN




**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán**
Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands

NRA
National Roads Authority
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta



*Líníocht Dúich: Patricia Johnson*

*(Cladach) Plean de Tuama Pasáiste: Michael Connolly, Archaeology Ireland*

*Dearthóir: B. Magee Design*

# Brollach

Is céim mhór thábhachtach é an Cód Cleachtais seo i gcosaint na hoidhreachta seandálaíochta. Léiríonn sé comhaontú idir mo Roinn agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, ceann de na forbróirí is mó sa Stát. Cabhróidh sé chun ár n-oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus an Rialtas ag tabhairt faoi mhórchlár forbairtí bóthair mar chuid dá Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006, plean atá chomh fíorthábhachtach sin dár ndea-bhail shóisialta agus gheilleagrach inniu agus sa todhchaí.

Mar thoradh ar fhairsinge an chláir fhorbartha seo beidh impleachtaí móra seandálaíochta ann. Tugann an Cód seo an deis chun na himpleachtaí sin a láimhseáil ar bhealach struchtúrach agus straitéiseach. Cé go bhfuil an dá pháirtí i ndiaidh éilimh dhúshlánacha a chur orthu féin, táim muiníneach go mbainfidh an Cód, laistigh de spiorad comhpháirtíochta agus comh-mhuiníne, a aidhmeanna amach. Ní gá gur bagairt ar chosaint na hoidhreachta seandálaíochta í an fhorbairt - tá an acmhainneacht ag an maolú, má rialaítear i gceart é, cuid mhaith eolais úr luachmhair faoinár stair a sholáthar. Tá gealltanas á chur ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta air féin tabhairt faoi chur chuige freagrach do chosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus sa ghníomh sin, tá sé ag treabhadh an bhealaigh chun cinn d'fhorbróirí eile.

Ar nós na haimsire féin, tá an oidhreacht chultúrtha ag síorathrú. Athróidh ár ndearcadh ina leith sin chomh maith sa chaoi go mb'fhéidir go mbeadh na bóithre atá á dtógáil faoi láthair mar chuid dár n-oidhreacht le himeacht aimsire. Is éard atá soiléir, ar aon chaoi, agus sinn ag déanamh de réir na ngealltanas sa Chód seo, go mbeidh cumas níos fearr againn chun an t-athrú sin a rialú ionas gur féidir leasa ár n-oidhreachta a chothromú le rathúnas eacnamaíoch.



**Síle de Valera, TD,**

**An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán**

# Cód Cleachtais comhaontaithe idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán

Is é cuspóir an Chóid seo ná frámaíocht a sholáthar laistigh de reachtaíocht agus polasaithe atá cheana ann chun an cumas a thabhairt don Údarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) dul ar aghaidh lena chlár oibre laistigh de scála ama an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000-2006, fad a dhéantar maolú seandálaíochta cuí ag cuimhneamh ar shraith phrionsabal agus gníomhaíochtaí comhaontaithe ag an dá pháirtí.

**Tá an Cód faoi threoir ag na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:-**



1. Tá freagracht ar an Aire an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus cumhachtaí chaomhantais faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-1994, a fheidhmiú de réir an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta.

2. Tá freagracht ar an ÚBN as soláthar ghréasán sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a dhaingniú.

3. Tá impleachtaí móra seandálaíochta ag forbairt gréasáin dá leithéid nach mór aghaidh a thabhairt orthu toisc gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.



Eolagraf: National Roads Authority

4. Maoineoidh an ÚBN cur chuige cothromaithe agus cost-éifeachtach don iniúchadh, tochailt agus maolú seandálaíochta mar eilimint riachtanach de chostais tionscadal bóthair ar bhonn an phrionsabail *go n-íocann an forbróir* agus ag cloí le polasaí dearbhaithe an Aire ina leith sin.

5. Ní mór gach iarracht a dhéanamh chun tionchair dhíreacha ar an tseandálaíocht a sheachaint, ag cur san áireamh dearadh bóthair agus impleachtaí sábháilteachta, tionchair chomhshaoil agus eile agus costais.

6. Glacadh le cur chuige comhpháirtíochta idir an ÚBN agus an tAire chun seachadadh cuspóirí pholasaí bóthair náisiúnta an PFN a bhaint amach ag cur san áireamh impleachtaí don tseandálaíocht.

7. Laghdaíonn pleanáil mhaolaitheach, ag an deis is luaithe, an tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta.

8. Ní bhaintear úsáid as an bhforbairt chun láithreáin seandálaíochta agus iarsmaí eile dá leithéidí a chuardach.

9. Tá an ceart ag gach páirtí cinntí a achomharc.

10. Gealltanas an dá pháirtí chun déileáil le himpleachtaí seandálaíochta tionscadal bóthair ar mhodh cothromaithe agus cost-éifeachtach de réir:

    *(a) cloí le scála ama giorraithe an Údaráis (íos-scála ama de 3.5 bliana) chun tionscadail a thabhairt ón bpleanáil tosaigh go tosach na tógála;*

    *(b) críochnú na dtionscadal laistigh den tréimhse sonraithe sa chonradh tógála bóthair; agus*

    *(c)leibhéal inghlactha caomhantais trí thaifeadadh láithreán seandálaíochta ar imir tógáil bóthair tionchar orthu.*



11. Comhoibreoidh an ÚBN agus an tAire chun go ndéantar, a mhéad is féidir agus faoi réir ag rochtain chun talún a dhaingniú, scrúdúchán seandálaíochta cuí le linn na tréimhse ó aithint bealaigh go tosach na tógála bóthair.

12. Comhaontaíonn an dá pháirtí ar fhoireann a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Chleachtais agus chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de bhliain óna fheidhmiú agus ag idirthréimhsí comhaontaithe ina dhiaidh sin.

## GNÍOMHARTHA COMHAONTAITHE

### Is iad curaimí an ÚBN ná:

1. Seandálaithe a cheapadh, nó ceapacháin seandálaithe a chinntiú, mar sheandálaithe tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar oibriú réidh na n-eiliminti seandálaíochta de na tionscadail bhóthair (sainmhínitear ról an tseandálaí tionscadail in Aguisín I; leagtar amach na gaolta idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach in Aguisín II).

2. Iniúchadh ar impleachtaí seandálaíochta togra bhóthair ag na céimeanna pleanála tosaigh a dhéanamh, leis an aidhm eolas a sholáthar le haghaidh an roghnú bealaigh, ag cinntiú go dtugtar tábhacht iomlán do na himpleachtaí seandálaíochta agus an bealach is fearr á aithint agus ag féachaint leis an tionchar ar láithreáin seandálaíochta chruthaithe a íoslaghdú nó an tionchar ar limistéir a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil acmhainneacht mhór seandálaíochta acu a íoslaghdú.



3. Go ndéileálfaidh seandálaí le seantaithí leis an bpóiseas chun tionchar féideartha tograí tionscadail bhóthair a aithint.

4. Taifead gach láithreán cruthaithe atá á mbaint ag na hoibreacha tógála a chaomhnú.

5. Taifead aon séadchomhartha nó láithreán seandálaíochta eile de thábhacht chomhaontaithe a nochtfaí le linn céimeanna tógála na forbartha a chaomhnú agus dóthain ama chun taifeadadh dá leithéid a dhéanamh chun sástacht an Aire a thabhairt.

6. A chinntiú go mbeidh an seandálaí tionscadail ina b(h)all den Fhoireann Tionscadail Bhóthair. Sa cháil sin, rachfar i gcomhairle leis/léi ar chlár agus ionchur oibre an chonraitheora, de réir mar a oireann, ar na himpleachtaí don tseandálaíocht a eascraíonn ó aon athrú molta sa chlár. Cuirfear é/í ar an eolas faoi chlár oibre an chonraitheora, freastalóidh sé/sí ar chruinnithe láithreáin míosúla agus déanfaidh sé/sí idirchaidreamh leis an seandálaí comhairleach ar obair an chonraitheora maidir leis na himpleachtaí don iniúchadh seandálaíochta.

## Déanfaidh an tAire (trí Dhúchas, Seirbhís Oidhreachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta & Oileán):

7. An tréimhse chun iarratais bhailí ar cheadúnais a laghdú ó thrí seachtaine go dhá sheachtain agus i gcás iarratas chun déileáil le héigeandálacha ar an láthair, 48 n-uair an chloig.
8. Clár cuí don mhonatóireacht seandálaíochta ar scamhadh barr-ithreach a chomhaontú leis an seandálaí tionscadail.
9. Córas a chomhaontú leis an seandálaí tionscadail le haghaidh tochailtí ina n-áireofar uas-scálaí ama molta don tochailt (le cur i bhfeidhm ag an seandálaí tionscadail faoi réir ag rialú agus monatóireacht fhoriomlán ó Dhúchas).
10. A chomhaontú gur leor stiúrthóir ceadúnaithe aonair chun láithreáin a thochailt nuair atá na láithreáin áirithe mar chuid de choimpléasc discréideach, nuair atá siad taobh le chéile nó i ngaireacht dá chéile ag cuimhneamh ar mholtaí an tseandálaí tionscadail.
11. Oifigeach sinsearach de chuid Dúchais a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh laistigh de sheachtain, i gcomhairliúchán le hArd-Mhúsaem na hÉireann, ar iarratas ar athbhreithniú chinneadh iarratais ar cheadúnas.
12. Critéir a shocrú leis an gcuspóir láithreáin agus limistéir ard-acmhainneachta seandálaíochta a aithint a thabharfaidh eolas faoi mhéid an scrúdúcháin seandálaíochta atá le déanamh.
13. Úsáid a bhaint as an ngnás comhairliúcháin a fheidhmíonn údaráis áitiúla/an ÚBN le linn an phróisis scrúdúcháin ar an mbealach-chonair agus ar an mbealachis fearr, chun impleachtaí seandálaíochta a aithint chun eolas a sholáthar don phróiseas roghnaithe bealaigh.
14. Socrú le haghaidh athbhreith-nithe ar chleachtais, riachtanais agus impleachtaí costais a bhaineann le hullmhúchán tuarascálacha iarthochailte.


*Fótagraf: Frank Coyne, Archaeology Ireland*



AGUISÍN I

# Ról an tSeandálaí Tionscadail ar Mhór-Scéimeanna Tionscadail

Mar chuid den Chód Cleachtais, aontaíonn an ÚBN go gceapfaidh an túdarás áitiúil cuí seandálaí tionscadail a luaithe is féidir le haghaidh scéimeanna bóthair a bheidh ina n-ábhar Measúnaithe reachtúil ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC), .i. réamhphleanáil.



**Déanfaidh an seandálaí tionscadail an méid seo a leanas:**

- Beidh sé/sí fostaithe ag an údarás áitiúil cuí ar feadh tréimhse sonraithe;
- Oibreoidh sé/sí go dlúth leis na comhairleoirí innealtóireachta ag an gcéim roghnaithe bealaigh (réamhphleanáil), leis an aidhm eolas a sholáthar don roghnú bealaigh, agus chun a chinntiú go dtugtar an tábhacht chuí do na himpleachtaí seandálaíochta agus go bhféachtar leis an tionchar ar láithreáin seandálaíochta chruthaithe nó ar limistéir a bhfuil acmhainneacht mhór seandálaíochta acu a íoslaghdú;
- Ullmhóidh sé/sí an tsonraíocht don seandálaí comhairleach ag céim an MTC agus cinnteoidh go bhfuil an obair ullmhaitheach seandálaíochta ar fad (staidéar deisce/siúl allamuigh, grianghrafadóireacht ón aer agus más gá, suirbhé gheofisiceach, srl.) don MTC ar an gcaighdeán is airde;
- Cinnteoidh sé/sí go bhfuil na moltaí MTC agus maolaithe de réir na mbarrchleachtas agus polasaithe mar a chinn Dúchas iad;
- Cinnfidh sé/sí an leibhéal tochailtí seandálaíochta bunaithe ar threoirlínte eisithe ag Dúchas;
- Cinnteoidh sé/sí go ndéantar an maolú ar fad go sásúil;
- Deimhneoidh sé/sí na costais seandálaíochta ar fad; agus
- Cinnteoidh sé/sí go bhfuil cineál agus cáilíocht na dtuarascálacha tochaltáin ar an gcaighdeán is airde.

*Fótagraf: Tony Cummins, Archaeology Ireland*



AGUISÍN II

## An Gaol idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach (Sealbhóir an Cheadúnais) i nDéanamh na dTochailtí Seandálaíochta

Fostóidh an tÚdarás Aitiúil/ÚBN an seandálaí tionscadail. Léiríonn an téacs thíos na róil go mion maidir leis na tochailtí.

- Déanfaidh an seandálaí tionscadail, i gcomhairliúchán leis an seandálaí comhairleach, ráiteas modha a dhréachtadh do na tochailtí seandálaíochta a theasaíonn agus cinnteoidh go bhfuil na hiarratais ar cheadúnais in ord sula gcuirtear faoi bhráid Dúchais iad. Sonróidh an ráiteas modha an bealach ina bhfuil na tochailtí le déanamh in éineacht leis an scála ama chun taifeadadh an láithreáin a chríochnú.
- Beidh an seandálaí tionscadail freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúram na dtochailtí seandálaíochta chun a chinntiú go ndéantar an obair de réir an ráitis mhodha chomhaontaithe agus laistigh den scála ama comhaontaithe.
- Tabharfaidh Dúchas an t-údarás don seandálaí tionscadail chun cinneadh ar na bunathruithe ar an ráiteas modha agus chun ordú a thabhairt do shealbhóir an cheadúnais an modh tochailte a athrú dá réir.
- Soláthróidh Dúchas treoirlínte don seandálaí tionscadail a leagann amach na dálaí inar féidir athruithe ar an ráiteas modha a dhéanamh.
- Beidh shealbhóir an cheadúnais freagrach as cúram na dtochailtí seandálaíochta ach ní mór dó/di na tochailtí a dhéanamh de réir na bhforálacha den ráiteas modha comhaontaithe agus treoracha an tseandálaí tionscadail a leanúint. Soláthróidh Dúchas treoirlínte do sheandálaithe comhairleacha ag leagan amach ról an tseandálaí tionscadail agus ról shealbhóra an cheadúnais aonar faoi seach agus ag sonrú na ndálaí inar féidir athruithe a dhéanamh ar an ráiteas modha agus údarás an tseandálaí tionscadail ina leith sin.
- Beidh an fhreagracht ar an seandálaí tionscadail agus ar shealbhóirí na gceadúnas aonar araon as deimhin a dhéanamh de go ndéantar na láithreáin atá á dtochailt a thaifeadadh go caighdeán inghlactha

agus ar mhodh atá de réir chineál tarrthála na dtochailtí. Soláthróidh an seandálaí tionscadail tuarascálacha tréimhsiúla dul chun cinn ar an gclár seandálaíochta agus déanfaidh idirchaidreamh leis sealbhóir an cheadúnais chun a chinntiú go gcuirtear na tuarascálacha chuige/chuici agus go gcuirfidh sé/sí faoi bhráid Dúchais agus Ard-Mhúsaem na hÉireann iad ansin de réir choinníollacha an cheadúnais.

- Má éiríonn conspóid idir sealbhóir an cheadúnais agus an seandálaí tionscadail maidir le cúram na dtochailtí, atreorófar an gnó chuig Dúchas le haghaidh cinnidh. Beidh sé soiléir sna treoirlínte do sheandálaithe go bhfuil sé i gceist go leanfaidh sealbhóirí na gceadúnas treoracha an tseandálaí tionscadail agus nár chóir achomhairc a dhéanamh le Dúchas ach nuair is ann do chúinsí móra imní ar thaobh sealbhóir an cheadúnais go bhfuil caighdeáin inghlactha tochailte nó taifeadta á gcomhghéilleadh. Treiseoidh na treoirlínte go mbeidh bainistíocht an chláir chomhaontaithe seandálaíochta mar fhreagracht ar an seandálaí tionscadail agus nach bhfuil sé i gceist go mbeidh baint ag Dúchas le gnáthimeachtaí laethúla. Treiseofar chomh maith go bhféadfaí ceadúnas a tharraingt siar má theipeann ar shealbhóir an cheadúnais déanamh de réir an ráitis mhodha nó de réir treoracha bailí ón seandálaí tionscadail.



- Déanfaidh Dúchas a chinntiú go seasfar le húdarás an tseandálaí tionscadail chun athruithe a dhéanamh ar an ráiteas modha agus chun treoracha a eisiúint chuig sealbhóir an cheadúnais nuair atá siad de réir na dtreoirlínte.



*Fótagraf: Valerie J. Keeley Ltd.*